

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1142 ÓN gCOIMISIÚN
an 9 Meitheamh 2023

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann leis na cainníochtaí is féidir a allmhairiú faoi tharaif-chuótaí áirithe tar éis an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 187 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ⁽²⁾ ón gCoimisiún, leagtar síos na rialacha maidir le bainistíocht na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ⁽³⁾ ón gCoimisiún, leagtar síos na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí atá ceaptha lena n-úsáid ar bhonn ord cróineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal ‘tús freastail ar an gceann is túisce’).
- (3) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2023/912 ón gComhairle ⁽⁴⁾, déanann sé cainníochtaí na táirgí lena n-iompórtáil faoi tharaif-chuótaí áirithe a leasú, ar taraif-chuótaí iad a osclaíodh i bhfabhar na leasú, ar Stát Aontaithe agus roinnt taraif-chuótaí a osclaíodh le gach tír eile. Is iad na taraif-chuótaí lena mbaineann na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha seo a leanas: 09.0035, 09.0040, 09.0041, 09.0055, 09.0056, 09.0059, 09.0070, 09.0073, 09.0083, 09.0089, 09.0093, 09.0094, 09.0123, 09.0147, 09.4002, 09.4038, 09.4116, 09.4123, 09.4127 agus 09.4170.
- (4) Na leasuithe a rinneadh leis an gComhaontú sin, ba cheart iad a léiriú in Iarscríbhinní a ghabhann le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a leasú dá réir.
- (6) Tá gá le forálacha idirthréimhseacha chun a shoiléiriú conas déileáil leis na cásanna a d’fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar leasú na gcainníochtaí táirgí atá le hallmhairiú faoi na taraif-chuótaí lena mbaineann. Baineann sé sin le taraif-chuótaí a bhainistítear i dtréimhsí a roinntear ina bhfothréimhsí. Baineann sé freisin le taraif-chuótaí a bhainistítear i gcomhréir leis an bprionsabal ‘tús freastail ar an gceann is túisce’, i gcás ina dtiocfaidh méadú ar chainníocht taraif-chuóta a ídfódh nó laghdú ar an gcainníocht a bhí ar fáil de tharaif-chuóta le haghaidh táirgí a scaoileadh i saorchúrsaíocht cheana san Aontas mar thoradh ar an leasú na gcainníochtaí.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraif-chuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal ‘tús freastail ar an gceann is túisce’ (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4).

⁽⁴⁾ Cinneadh (AE) 2023/912 ón gComhairle an 25 Aibreán 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (GATT) 1994, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 119, 5.5.2023, lch. 1).

- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Iarscríbhinní II, III, VIII, agus X, i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Forálacha idirthréimhseacha

1. Maidir leis na leasuithe a tugadh isteach le hAirteagal 1, i gcás ina bhfuil tús curtha cheana le tréimhse taraif-chuóta taraif-chuóta ar leith an lá a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, cuirfear an difríocht idir an chainníocht nua agus an chainníocht a leithdháileadh cheana ar fáil:

- (a) ón gcéad tréimhse iarratais tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, mura ndéantar an tréimhse taraif-chuóta a roinnt ina fothréimhsí;
- (b) de réir na rialacha sonracha is infheidhme maidir le gach taraif-chuóta, más rud é go bhfuil tréimhse ag an taraif-chuóta atá roinnte i bhfothréimhsí.

Má tá fothréimhse amháin nó níos mó imithe in éag cheana tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, rachaidh an difríocht idir an chainníocht nua atá ar fáil sna fothréimhsí in éag roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cuirfear an chainníocht a leithdháileadh iarbhrí ar fáil ón gcéad tréimhse iarratais tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na leasuithe a tugadh isteach le hAirteagal 2, cuirfear an difríocht idir an chainníocht nua agus an chainníocht a scaoileadh cheana i saorchúrsaíocht roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar fáil ón lá a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

I gcás méadú ar an gcainníocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, más rud é, ar lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, go bhfuil tús curtha cheana leis an tréimhse ábhartha taraif-chuóta agus go bhfuil an chainníocht a bhí ar fáil roimhe sin ídithe, déanfar an difríocht idir an chainníocht nua agus an chainníocht roimhe sin a leithdháileadh ar oibreoírí de réir an oird chroineolaíoch ar dháta glactha an dearbhaithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht. Oibreoírí a d'allmhairigh a n-earraí lasmuigh den chuóta roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus a thairbheoidh de leithdháileadh na cainníochta breise, aisíocfar leo an difríocht idir an dleacht a íocadh cheana agus an dleacht laistigh den chuóta.

I gcás laghdú ar an gcainníocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, más rud é, ar lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, gur cuireadh tús cheana leis an tréimhse ábhartha taraif-chuóta agus gur scaoileadh i saorchúrsaíocht cheana cainníocht atá níos airde ná an chainníocht nua, ní bheidh sé de cheangal ar oibreoírí aon dleacht bhreise a íoc i leith na gcainníochtaí laistigh den chuóta a allmhairíodh de bhreis ar na méideanna nua a bhí ar fáil.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ón gcéad tréimhse iarratais ar cheadúnas a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

—

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, VIII agus X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

- (1) in Iarscríbhinn I, scriostar an ró a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4170;
- (2) in Iarscríbhinn II, sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4123, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht ina kg’:

‘Cainníocht ina kg	572 000 000 kg’
---------------------------	-----------------

- (3) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

- (a) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4116, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht ina kg’:

‘Cainníocht ina kg	1 910 000 kg, arna roinnt mar a leanas: 1 910 000 kg i gcás na fothréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh Tabhairt anonn ó na fothréimhsí roimhe seo, i gcás na fothréimhse ón 1 Iúil go dtí an 31 Lúnasa Tabhairt anonn ó na fothréimhsí roimhe sin, i gcás na fothréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig’
---------------------------	--

- (b) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4127, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht ina kg’:

‘Cainníocht ina kg	25 772 000 kg, arna roinnt mar a leanas: 7 153 000 kg i gcás na fothréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 11 466 000 kg i gcás na fothréimhse ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meitheamh 7 153 000 kg i gcás na fothréimhse ón 1 Iúil go dtí an 31 Lúnasa Tabhairt anonn ó na fothréimhsí roimhe seo, i gcás na fothréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair’
---------------------------	--

- (4) in Iarscríbhinn VIII, sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4002, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht ina kg’:

‘Cainníocht ina kg	10 500 000 kg meáchan an táirge, arna roinnt mar a leanas: freagróidh an chainníocht a bheidh ar fáil i gcás gach fothréimhse d’aon dóú cuid déag den chainníocht iomlán’
---------------------------	---

- (5) Leasaítear Iarscríbhinn X mar a leanas:

- (a) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4038, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht ina kg’:

‘Cainníocht ina kg	5 720 000 kg meáchan an táirge, arna roinnt mar a leanas: 25 % i gcás gach fothréimhse’
---------------------------	---

- (b) scriostar an tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4170.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) leasaítear an roinn faoin gceannteideal ‘Taraif-chuótaí in earnáil na ngránach’ mar a leanas:

- (a) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0073, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht’:

‘Cainníocht	2 800 000 kg de ghlanmheáchan’
--------------------	--------------------------------

- (b) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0089, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht’:

‘Cainníocht	1 732 000 kg de ghlanmheáchan’
--------------------	--------------------------------

- (c) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0070, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht’:

‘Cainníocht	2 700 000 kg de ghlanmheáchan’
--------------------	--------------------------------

(2) sa roinn faoin gceannteideal ‘Taraif-chuótaí in earnáil na ríse’, sa tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.0083, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht’:

‘Cainníocht	7 000 kg’
--------------------	-----------

(3) leasaítear an roinn faoin gceannteideal ‘Taraif-chuótaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí’ mar a leanas:

- (a) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0094, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht’:

‘Cainníocht	472 000 kg’
--------------------	-------------

- (b) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0056, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht’:

‘Cainníocht	1 244 000 kg’
--------------------	---------------

- (c) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0059, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht’:

‘Cainníocht	647 000 kg’
--------------------	-------------

- (d) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0035, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht’:

‘Cainníocht	9 770 000 kg’
--------------------	---------------

- (e) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0040, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht’:

‘Cainníocht	151 000 kg’
--------------------	-------------

- (f) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0041, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cainníocht':

'Cainníocht	86 223 000 kg'
--------------------	----------------

- (4) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte', sa tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.0093, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cainníocht':

'Cainníocht	6 551 000 kg'
--------------------	---------------

- (5) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne', sa tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.0147, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cainníocht':

'Cainníocht	62 917 000 kg'
--------------------	----------------

- (6) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na muiceola', sa tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.0123, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cainníocht':

'Cainníocht	4 786 000 kg'
--------------------	---------------

- (7) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na dtáirgí eile a liostaítear i Roinn 2 de Chuid XXIV d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013', sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0055, cuirtear an méid a leanas in ionad an ró 'Cainníocht':

'Cainníocht	4 295 000 kg'
--------------------	---------------